# Scéim Phíolótach don Ghaeloideachas

Eochairfhocail: scéim phíolótach, gaeloideachas, aonad Gaeilge, máthairscoil, scoil satailíte


Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht.

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén contae ina bhfuil an Scéim Phíolótach don Ghaeloideachas á tástáil faoi láthair?
2. Cad is ainm don ghaelcholáiste atá i gceist sa mhír?
3. Cé mhéad muinteoir atá ag obair sa scoil?
4. Ainmnigh rud amháin a luann Caoimhe Héarún a thugann an mháthairscoil don scoil satailíte?
5. Cén aidiacht a úsáideann Caoimhe chun cur síos a dhéanamh ar mhúinteoirí na scoile?
6. Cén saghas scoile a bhí i gColáiste Lú a dúnadh sé bliana ó shin?
7. An bhfuil an scoil nua seo ceangailte in aon chor le scoil Bhéarla?
8. Cé a rinne an chistin sa scoil a chóiriú i rith an tsamhraidh?
9. Cathain a bheidh lá oscailte ag an scoil?
10. Níor luadh ainm na máthairscoile lena bhfuil Gaelcholáiste Dhún Dealgan ceangailte sa mhír nuachta. Déan taighde ar líne agus aimsigh ainm na máthairscoile sin.




Foghlaim TG4



# Gníomhaíocht Smaointeoireachta: Fíor nó Bréagach

**Féach ar an bhfíseán arís agus aimsigh an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach. Tá an chéad cheann déanta mar threoir.**


| **Is i gcontae Lú atá scéim phíolótach don ghaeloideachas á tástáil faoi láthair** | **Fíor** |
|---|---|
| Gaelcholáiste Dhroichead Átha is ainm don scoil seo | |
| Is í Caoimhe Héarún príomhoide na scoile | |
| Tá 300 dalta ag freastal ar an scoil | |
| Ní thugann an mháthairscoil aon chabhair in aon chor don scoil satailíte faoin scéim phíolótach seo | |
| Tá sé i gceist ag Gaelcholáiste Dhún Dealgan a bheith go hiomlán neamhspleách ar an máthairscoil faoi cheann cúpla bliain | |
| Bhíodh Aonad Gaeilge i nDún Dealgan tráth d | |
| Tá dlúthbhaint ag an scoil seo le scoil Bhéarla atá suite in aice láimhe | |
| Tá gach duine sa phobal scoile seo ag obair as lámha a chéile | |
| Rinneadh cóiriú ar shaotharlann na scoile i rith an tsamhraidh | |
| Níl sé i gceist ag an scoil lá oscailte a reáchtáil i mbliana | |



# Gníomhaíocht Scríbhneoireachta

**Iarrtar ort cuntas a scríobh ar stair do scoile féin d'aoí speisialta a bheith ag teacht chun na scoile go luath. Is leor 200 focal sa chuntas. Seo a leanas roinnt foclóra a chabhróidh leat an cuntas a scríobh.**

- bunaíodh
- siar sa bhliain
- tháinig fás agus forbairt ar
- cuireadh le
- tógadh
- Ar dtús,
- tacaíocht agus cúnamh
- Sa lá atá inniu ann,
- mana na scoile
- freastalaíonn
- oibríonn
- scoil chónaithe
- scoil mheasctha
- curaclam
- ag dul ó neart go neart
- iarscoláirí
- Amach anseo,
- Sa todhchaí,
- imeachtaí seach-churaclaim
- deiseanna



Freagraí

1. an Lú
2. Gaelcholáiste Dhún Dealgan
3. 5
4. Cabhair, acmhainní, saineolas, buntáistí na scoile móire
5. Paiseanta
6. Aonad Gaeilge
7. Níl
8. Tuismitheoir amháin agus an príomhoide ag obair lena chéile
9. Dé Máirt seo chugainn

| **Is i gcontae Lú atá scéim phíolótach don ghaeloideachas á tástáil faoi láthair** | **Fíor** |
|---|---|
| Gaelcholáiste Dhroichead Átha is ainm don scoil seo | Bréagach |
| Is í Caoimhe Héarún príomhoide na scoile | Fíor |
| Tá 300 dalta ag freastal ar an scoil | Fíor |
| Ní thugann an mháthairscoil aon chabhair in aon chor don scoil satailíte faoin scéim phíolótach seo | Bréagach |
| Tá sé i gceist ag Gaelcholáiste Dhún Dealgan a bheith go hiomlán neamhspleách ar an máthairscoil faoi cheann cúpla bliain | Fíor |
| Bhíodh Aonad Gaeilge i nDún Dealgan tráth | Fíor |
| Tá dlúthbhaint ag an scoil seo le scoil Bhéarla atá suite in aice láimhe | Bréagach |
| Tá gach duine sa phobal scoile seo ag obair as lámha a chéile | Fíor |
| Rinneadh cóiriú ar shaotharlann na scoile i rith an tsamhraidh | Bréagach |
| Níl sé i gceist ag an scoil lá oscailte a reáchtáil i mbliana | Bréagach |

Foghlaim TG4